

Téipscript

Topaic:	An Scoil
Fothopaic:	Cruinnithe leis an scoil
Cainteoir:	Lára Ní Riain

Bíonn cruinniú amháin idir na tuismitheoirí agus múinteoirí gach bliain – de ghnáth i mí na Samhna. Agus bíonn cruinniú...is cruinniú foirmiúil é agus bíonn deis ag an tuismitheoir rudaí a phlé leis an múinteoir, mar shampla iompar a pháiste, an chaoi ina bhfuil an páiste tar éis socrú isteach ar scoil nó socrú ar ais ar scoil. Bíonn deis acu torthaí a phlé, torthaí Mata, torthaí Gaeilge agus Béarla. Bíonn deis acu deacrachtaí leis an obair bhaile a phlé, aon rud atá ag cur isteach ar an bpáiste nó aon saghas fás agus forbairt* atá ón bpáiste...ó thaobh an mhúinteora chomh maith. Ag an am céanna, sin ráite, molaimid do thuismitheoirí má tá aon saghas faidhbe, rud mór nó rud beag, dul chun cainte leis an múinteoir chomh luath agus is féidir. Sna ranganna naíonáin, de ghnáth, fágann na tuismitheoirí ar scoil iad ar maidin, bíonn deis acu, b'fhéidir, labhairt leis an múinteoir, focal beag ar maidin, an féidir liom cruinniú a dhéanamh leat níos déanaí sa lá nó mar shampla...

Leis na páistí níos sine ní bhuailéann an tuismitheoir agus an múinteoir chomh minic sin *so* molaimid dóibh, b'fhéidir, dul i dteagmháil leis an oifig, iarr ar an rúnaí cruinniú a dhéanamh leis an múinteoir dóibh chomh luath agus is féidir. Is fearr rudaí a phlé níos luaithe nó gan iad a fhágáil ródhéanach agus gan saghas ligint do rud fás ina fhadhb nach raibh ina fhadhb roimhe sin. Chomh maith leis sin, bíonn dialann obair bhaile ag na páistí ó Rang 1 suas agus is féidir leis an tuismitheoir nó leis an múinteoir nóta beag a scríobh má tá fadhb ar leith ann. Baineann na ranganna níos sine, is dócha Rang 4 suas, úsáid as suíomh *Class Dojo* freisin agus is féidir leis an múinteoir agus an tuismitheoir teachtaireachtaí beaga a scríobh chun a chéile má tá aon rud ann chomh maith.

**aon saghas fáis agus forbartha a bheadh sa scríobh.*